AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.2.2023
COM(2023) 125 final

2023/0063 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/2170 a mhéid a bhaineann le taraif-chuótaí an Aontais agus cuótaí eile ar allmhairí a chur i bhfeidhm ar tháirgí áirithe a aistrítear go Tuaisceart Éireann

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Tharraing Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (‘an Ríocht Aontaithe’) siar as an Aontas Eorpach an 1 Feabhra 2020. Tá feidhm ag an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar (‘an Prótacal’) ó dheireadh na hidirthréimhse, i.e. amhail ón 1 Eanáir 2021.

I gcomhréir leis an bPrótacal, tá feidhm ag reachtaíocht mar a shainmhínítear i bpointe (2) d’Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.

Ní eascraíonn cearta agus oibleagáidí do thríú tíortha as na socruithe déthaobhacha idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe faoin bPrótacal.

Dá réir sin, aon allmhairí de bhun tharaif-chuótaí an Aontais ar allmhairí nó de bhun cuótaí eile ar allmhairí a bhfuil feidhm acu maidir le hearraí de thionscnamh tríú tír a thugtar isteach i dTuaisceart Éireann, ní fhéadfaí iad a áireamh mar chuid de chearta an tríú tír sin i leith an Aontais, mura gcomhaontóidh an tríú tír sin. Baineann riosca d’fheidhmiú cuí Mhargadh Aonair an Aontais agus do shláine an Chomhbheartais Tráchtála leis an staid seo tríd an bhféidearthacht go ndéanfaí sárú ar tharaif-chuótaí an Aontais nó ar chuótaí eile ar allmhairí. Thairis sin, aon chomhaontú le tríú tír lena ndéantar foráil maidir le taraif-chuótaí a bhainistiú, ceanglaítear leis go ndéanfar earraí a allmhairiú laistigh den Aontas. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh an tríú tír sin diúltú ceadúnais onnmhairithe a eisiúint le haghaidh allmhairí díreacha isteach i dTuaisceart Éireann.

Ar bhonn na mbreithnithe thuas, an 16 Nollaig 2020, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2020/2170 maidir le taraif-chuótaí an Aontais agus cuótaí eile ar allmhairí a chur i bhfeidhm[1]. Go bunúsach, foráiltear le hAirteagal 1 den Rialachán sin, earraí a allmhairítear ó lasmuigh den Aontas , níltear in ann caitheamh leo de bhun tharaif-chuótaí an Aontais ar allmhairí nó cuótaí eile ar allmhairí ach amháin má scaoiltear le haghaidh saorchúrsaíochta iad i gcríoch chustaim an Aontais.

Mar sin féin, mar a léirítear thuas, cé nach n-eascraíonn cearta agus oibleagáidí d’aon tríú tíortha eile as na socruithe déthaobhacha idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe faoin bPrótacal, eascraíonn cearta agus oibleagáidí sonracha don Ríocht Aontaithe astu. Cruthaíonn sé sin cás uathúil i ndáil leis an Ríocht Aontaithe, agus is substaintiúil an difríocht idir an cás sin agus cás tíortha eile agus iad ag easpórtáil chuig an Aontas. Mar sin féin, le dréachtú Rialachán 2020/2170 atá ann faoi láthair, ní féidir le hearraí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe úsáid a bhaint as taraif-chuótaí gaolmhara an Aontais nuair a aistrítear na hearraí sin ón mBreatain Mhór go Tuaisceart Éireann.

Tá sé léirithe ag an Ríocht Aontaithe, maidir le táirgí cruach áirithe, mar atá plátaí cuartó neamh-chóimhiotail agus cóimhiotail eile[2], agus uillinneacha, cruthanna agus cónaisc atá déanta as iarann nó as cruach neamh-chóimhiotail[3] (a thagann faoi chatagóirí 7 agus 17 faoi

---

1 IO L 432, 21.12.2020, lch. 1

2 Cóid CN: 7208 51 20, 7208 51 91, 7208 51 98, 7208 52 91, 7208 90 20, 7208 90 80, 7210 90 30, 7225 40 12, 7225 40 40, 7225 40 60, 7225 99 00

3 Cóid CN: 7216 31 10, 7216 31 90, 7216 32 11, 7216 39 19, 7216 32 91, 7216 32 99, 7216 33 10, 7216 33 90

seach i mbearta coimirce cruach an Aontais) de thionscnamh na Ríochta Aontaithe agus atá faoi réir bearta coimirce faoi láthair faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún, gur gá iad a scaoileadh i saorchúrsaíocht i dTuaisceart Éireann. Tá fianaise curtha ar fáil ag an Ríocht Aontaithe gur tharla aistriú substaintiúil na dtáirgí cruach sin idir codanna eile den Ríocht Aontaithe agus Tuaisceart Éireann, agus chuir sí in iúl gur mian léi go gceadófaí di úsáid a bhaint as taraif-chuótaí an Aontais is infheidhme maidir leis na hearraí cruach sin de thionscnamh na Ríochta Aontaithe atá faoi réir bearta coimirce faoi láthair, nuair a scaoiltear na hearraí sin le haghaidh saorchúrsaíochta i dTuaisceart Éireann. Chun teorainn a chur leis an riosca imchéimniúcháin, ba cheart na táirgí sin a choinsíniú go díreach ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe.

An gá le hallmhairiú faoi tharaif-chuótaí cruach de thionscnamh na Ríochta Aontaithe atá faoi réir bearta coimirce isteach i dTuaisceart Éireann, ós rud é go bhféadfadh an gá sin a bheith éagsúil le himeacht ama, ba cheart sásra iomchuí a chur i bhfeidhm chun gur féidir liosta na dtáirgí cruach sin a choigeartú go tapa. Ba cheart an Coimisiún a údarú dul ar aghaidh leis na coigeartuithe sin, faoi choinníollacha áirithe, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, ar bhonn na nósanna imeachta atá i bhfeidhm faoi láthair.

Is iomchuí, dá bhrí sin, Rialachán 2020/2170 a leasú ionas go mbeifear in ann caitheamh le táirgí áirithe cruach (plátaí cuartó neamh-chóimhiotail agus cóimhiotail eile, agus uillinneacha, cruthanna agus cónaisc atá déanta as iarann nó as cruach neamh-chóimhiotail), ar de thionscnamh na Ríochta Aontaithe iad agus atá faoi réir bhearta coimirce an Aontais faoi láthair, de bhun tharaif-chuótaí an Aontais freisin má scaoiltear i saorchúrsaíocht iad i dTuaisceart Éireann.

De bhua Airteagal 5(3) agus (4) den Phrótacal i gcomhar le hAirteagal 13(3) de, bheadh feidhm freisin ag an Rialachán seo maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an tionscnamh seo i gcomhréir leis an ngá atá ann cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar agus an Phrótacail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a áirithiú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an tionscnamh comhsheasmhach freisin le comhbheartas tráchtála an Aontais.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 207(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Is inniúlacht eisiach de chuid an Aontais é an comhbheartas tráchtála. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Is tríd an mbeart atá beartaithe amháin a bhainfear an toradh inmhianaithe amach.

- **An rogha ionstraime**

Is gá gníomh reachtach, Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, mar nach ndéantar foráil leis an reachtaíocht atá ann faoi láthair maidir le cumhacht a thabhairt don Choimisiún glacadh leis na bearta atá beartaithe.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon tionchar ag an togra seo ar chearta bunúsacha.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Neamhbhainteach.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Le hAirteagal 1 den Rialachán seo leasaítear Airteagal 1 de Rialachán 2020/2170 ionas go mbeifear in ann taraif-chuótaí an Aontais a chur ar fáil le haghaidh táirgí cruach áirithe (plátaí cuartó neamh-chóimhiotail agus cóimhiotail eile, agus uillinneacha, cruthanna agus cónaisc atá déanta as iarann nó as cruach neamh-chóimhiotail, a thagann faoi chatagóirí 7 agus 17 faoi seach i mbeart coimirce cruach an Aontais), ar de thionscnamh na Ríochta Aontaithe iad agus atá faoi réir bearta coimirce faoi Rialachán cur chun feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún,

nuair a aistrítear na táirgí sin go díreach ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe go Tuaisceart Éireann agus nuair a scaoiltear iad i saorchúrsaíocht i dTuaisceart Éireann.

Foráiltear in Airteagal 1 freisin go bhféadfaidh an Coimisiún coigeartú a dhéanamh, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, ar liosta na dtáirgí cruach atá faoi réir coimircí a gcuirfear taraif-chuótaí an Aontais ar fáil ina leith, i gcás inarb iomchuí.

2023/0063 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/2170 a mhéid a bhaineann le taraif-chuótaí an Aontais agus cuótaí eile ar allmhairí a chur i bhfeidhm ar tháirgí áirithe a aistrítear go Tuaisceart Éireann

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 1 de Rialachán (AE) 2020/2170 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], earraí a allmhairítear ó lasmuigh den Aontas, nach bhfuiltear in ann caitheamh leo de bhun tharaif-chuótaí an Aontais ar allmhairí nó cuótaí eile ar allmhairí ach amháin má scaoiltear le haghaidh saorchúrsaíochta iad sna críocha a liostaítear ann. Leis an bhforáil sin tugtar aghaidh ar an riosca d'fheidhmiú cuí mhargadh inmheánach an Aontais agus do shláine an Chomhbheartais Tráchtála a d'eascródh as an bhféidearthacht go ndéanfaí sárú ar tharaif-chuótaí an Aontais nó ar chuótaí eile ar allmhairí. Ní áirítear Tuaisceart Éireann ar na críocha a leagtar amach san fhoráil sin.

(2) Leis an gComhaontú Trádála agus Comhair[5] ('CTC') idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach, déantar foráil go bhféadfaidh an tAontas cuótaí a oscailt maidir le táirgí áirithe de thionscnamh na Ríochta Aontaithe a allmhairiú isteach san Aontas. Ina theannta sin, tugann CTC an ceart don Aontas taraif-chuótaí nó cuótaí eile ar allmhairí a thabhairt isteach maidir le hallmhairí earraí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe faoi imthosca áirithe, lena n-áirítear mar chuid de chur i bhfeidhm beart coimirce iltaobhach i gcomhréir le Comhaontú EDT. Dá bhrí sin, is gá a shoiléiriú an bhfuiltear in ann caitheamh le hearraí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe agus a scaoiltear i saorchúrsaíocht i dTuaisceart Éireann faoi na taraif-chuótaí sin nó cuótaí eile ar allmhairí.

(3) Tá an Ríocht Aontaithe faoi cheangal ag na socruithe a leagtar síos sa Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann (an 'Prótacal') a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'). Dá bhrí sin, tá difríocht bhunúsach

[4] Rialachán (AE) 2020/2170 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le cuótaí rátaí taraife an Aontais agus cuótaí eile ar allmhairí a chur i bhfeidhm (IO L 432, 21.12.2020, lch. 1).

[5] IO L 444, 31.12.2020, lch. 14.

idir an caidreamh dlíthiúil idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe maidir le hearraí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe agus a scaoiltear i saorchúrsaíocht i dTuaisceart Éireann agus an caidreamh idir an tAontas agus aon tríú tír eile i leith earraí de thionscnamh an tríú tír sin agus a scaoiltear i saorchúrsaíocht i dTuaisceart Éireann.

(4) Chuir an Ríocht Aontaithe fianaise ar fáil lena léirítear, táirgí áirithe cruach de thionscnamh na Ríochta Aontaithe atá faoi réir bearta coimirce faoi láthair faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún[6] ('na táirgí lena mbaineann'), gur aistríodh méideanna móra de na hearraí sin chuig Tuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe. Chun inmharthanacht eacnamaíoch na n-aistrithe sin a áirithiú agus i bhfianaise imthosca sonracha Thuaisceart Éireann, is iomchuí foráil a dhéanamh go mbainfidh na táirgí lena mbaineann tairbhe as taraif-chuótaí faoi seach an Aontais nuair a scaoiltear le haghaidh saorchúrsaíochta iad i dTuaisceart Éireann.

(5) Chun teorainn a chur leis an riosca go rachfar timpeall ar tharaif-chuótaí an Aontais is infheidhme maidir leis na táirgí lena mbaineann trí na táirgí céanna de thionscnamh tíortha eile a allmhairiú, ba cheart na táirgí lena mbaineann a choinsíniú go díreach ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe.

(6) Thairis sin, gheall an Ríocht Aontaithe na bearta is gá a dhéanamh, i gcomhréir leis an bPrótacal, chun a áirithiú go ndéanfar aistrithe na dtáirgí lena mbaineann ina n-úsáidtear taraif-chuótaí an Aontais a áireamh go tráthúil de réir na gcuótaí sin, ar an mbealach céanna agus a dhéanfaí i gcás a n-allmhairiú isteach san Aontas.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2020/2170 a leasú dá réir.

(8) Ós rud é go bhféadfadh an gá atá leis na táirgí lena mbaineann a allmhairiú i dTuaisceart Éireann a bheith éagsúil le himeacht ama, chun coigeartú a dhéanamh ar liosta na dtáirgí lena mbaineann, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil leis na táirgí lena mbaineann. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(9) De bhua Airteagal 5(3) agus (4) den Phrótacal i gcomhar le hAirteagal 13(3) de, tá feidhm freisin ag an Rialachán seo maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.

(10) Chun aon chur isteach a d'fhéadfadh a bheith ann ar aistrithe na dtáirgí lena mbaineann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe go Tuaisceart Éireann a sheachaint, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir,

---

6 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear bearta coimirce chinntitheacha in aghaidh allmhairí táirgí áirithe cruach (IO L 31, 1.2.2019, lch. 27).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2020/2170 mar a leanas:

(1) In Airteagal 1, cuirtear an dara mír seo a leanas isteach:

‘Earraí a liostaítear san Iarscríbhinn ar de thionscnamh na Ríochta Aontaithe iad agus atá faoi réir bearta coimirce faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159* ón gCoimisiún agus a thugtar isteach i dTuaisceart Éireann trí iompar díreach ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe, beifear in ann freisin caitheamh leo de bhun tharaif-chuótaí an Aontais ar allmhairí má scaoiltear na hearraí sin le haghaidh saorchúrsaíochta i gcríoch Thuaisceart Éireann.

_____

*Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear bearta coimirce chinntitheacha in aghaidh allmhairí táirgí áirithe cruach (IO L 31, 1.2.2019, lch. 27).’;

(2) cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

‘Airteagal 1a

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 1b, lena leasaítear an Rialachán seo chun catagóirí áirithe earraí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe atá faoi réir bearta coimirce faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159, earraí a thugtar isteach i dTuaisceart Éireann trí iompar díreach ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe, a chur leis an liosta a leagtar amach san Iarscríbhinn, ar choinníoll gur léirigh an Ríocht Aontaithe chun sástacht an Aontais gur gá na hearraí sin a scaoileadh i saorchúrsaíocht i dTuaisceart Éireann.

Airteagal 1b

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana ón [Oifig na bhFoilseachán – cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 1a a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 1a i bhfeidhm ach amháin mura mbíonn aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse [2 mhí] tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú [2 mhí] ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.'

(3) Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo leis mar Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*